2025/1009

27.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1009 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2025

maidir le formheas ar leasú ar shonraíocht táirge an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht ‘Berthoud’

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 64(2) i gcomhar le hAirteagal 66(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, i gcomhar le hAirteagal 66(2) den Rialachán sin, rinneadh iarratas na Fraince ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht ‘Berthoud’ a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an leasú ar an tsonraíocht táirge a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht ‘Berthoud’ (STR), formheastar leis seo é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) IO C, C/2025/483, 23.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/483/oj.